NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

BUS CONNECTS
Do Chathair, Nasctha Níos Fearr
Your City, Better Connected



# Scéim Ghleann na Life go Lár na Cathrach




**Is treoir í seo atá éasca le léamh.**


# Cad é BusConnects?

| | |
|---|---|
|  | Is bealach é BusConnects chun iompar poiblí a fheabhsú do gach duine i mBaile Átha Cliath. |
|  | Beidh tú in ann brath ar amanna taistil. |
|  | Beidh sé níos éasca agus níos sábháilte siúl agus rothaíocht a dhéanamh i mBaile Átha Cliath. |
|  | Beidh níos mó seirbhísí bus fud fad na cathrach. |

# Cad é BusConnects?

| | |
|---|---|
|  | Bainfidh na busanna úsáid as 12 chonair bus nua. |
|  | Beidh níos mó lánaí rothaíochta ann. |
|  | Tosóimid ag tógáil Scéim Ghleann na Life go Lár na Cathrach i bhFómhar 2025. |
|  | Beidh athruithe maithe ar ár sráideanna agus ar ár mbailte mar gheall ar BusConnects.<br>Beidh ár gcathair ina háit níos fearr le maireachtáil agus le hobair inti. |

# Scéim Ghleann na Life go Lár na Cathrach

| | |
|---|---|
|  | Déanfaidh an bealach seo nasc idir Gleann na Life agus croílár Bhaile Átha Cliath. |
|  | Is féidir leat an bealach iomlán a fheiceáil ag www.liffeyvalleyscheme.ie |

# Bealach Ghleann na Life

| | |
|---|---|
|  | Tosaíonn an bealach seo ag Bóthar Chnoc an Fhuaráin.<br><br>Nascann sé leis na stadanna bus nua ag Ionad Siopadóireachta Ghleann na Life. |
|  | Téann sé go Bóthar na Botha Fuaire. |
|  | As sin téann sé go sráidbhaile Bhaile Formaid<br><br>go |
|  | Bóthar an tSáirséalaigh<br><br>go |

# Bealach Ghleann na Life

| | |
|---|---|
|  | Corrán Grattan<br><br>go |
|  | Bóthar Emmet agus Sráid San Séamas<br><br>go |
|  | Sráid Thomáis agus an tSráid Ard<br><br>go |
|  | Lár na Cathrach. |

# Ag Caint leis an bPobal



Táimid ag cur ár bpleananna deiridh le chéile sula dtosaíonn an tógáil níos déanaí i mbliana.

Gheallamar caint leis na pobail atá ar an mbealach.




- Tá suíomh gréasáin nua againn leis an eolas is déanaí go léir:

  www.liffeyvalleyscheme.ie



- Bunóimid grúpaí áitiúla chun bualadh le ÚNI agus leis na tógálaithe.

# Ag tógáil na gconairí

| | |
|---|---|
|  | Beidh oibreacha bóthair ann.<br>Tógfar na conairí ina gcéimeanna. |
|  | Beidh níos lú fadhbanna tráchta ann mar sin. |
|  | Smaoineoimid go cúramach ar na daoine atá ina gcónaí in aice leis na hoibreacha bóthair.<br>Déanfaimid iarracht an tionchar orthu a laghdú. |
|  | Féachfaimid ar bhealaí chun athruithe maithe a dhéanamh ar shráideanna agus ar bhailte nuair a bheidh an tógáil críochnaithe. |

# Ag tógáil na gconairí

| | |
|---|---|
|  | Labhróimid le pobail áitiúla faoi dhóigheanna is féidir linn rudaí a fheabhsú. |
|  | Labhróimid faoi spásanna comhroinnte agus limistéir ghlasa níos fearr. |

# Rudaí maithe faoi BusConnects

| | |
|---|---|
|  | Turas ar féidir brath air. |
|  | Níos mó daoine ag úsáid busanna.<br>A gcarranna ag teastáil níos lú ó dhaoine. |
|  | Rochtain níos fearr do gach duine.<br>Spásanna níos sábháilte do shiúlóirí agus do rothaithe. |
|  | Níos lú truaillithe agus aer níos fearr dúinn go léir le hanálú.<br>Níos fearr don chomhshaol. |

| | |
|---|---|
|  | Rothaíocht níos sábháilte. |




www.liffeyvalleyscheme.ie




liffeyvalleyscheme@busconnects.ie



Saorghlao: 1800 303 700

NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

ACE

Project Ireland 2040
Building Ireland's Future

Made with Photo Symbols®